

# Físeáin: Fís - Lichtgrenze

## Gníomhaíocht 1 – Meaitsáil:

- Déan iarracht na leaganacha Gaeilge agus Béarla a mheaitseáil le chéile.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
- Éistigí leis an mír físe agus féachaigí ar na freagraí arís.

éileamh	mistake/forget
teorainn	terrible
smidiríní	border
dochreidte	demand
cuir amach	crowds
dearmad	echo
sluaite	understanding
uafásach	unbelievable
macalla	smithereens

## Gníomhaíocht 2 – Ceistanna ginearálta:

- Féach ar/Éist leis an mír físe faoi dhó agus déan iarracht na ceistanna seo a leanas a fhreagairt.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.

- 1) Cén uair a leagadh Balla Bheirlín?
- 2) Céard a thug na sluaite go Balla Bheirlín ar an lá/am áirithe sin?
- 3) Cén fáth nach bhfuair daoine ach smidiríní beaga den bhalla?
- 4) Luaigh rud amháin a bhí le rá ag an Dr. Axel Weipert.
- 5) Cén chaoi a bhfuair Pádhraic Ó Dochartaigh an píosa mór?
- 6) Céard é an Balla Solais?
- 7) Céard atá ar siúl ag muintir Bheirlín an deireadh seachtaine seo, dar le Marcus?

## Gníomhaíocht 3: Líon na Bearnaí:

Féach ar/Éist leis an mír físe arís agus déan iarracht na bearnaí seo a líonadh.

- 1) Trí fhocal ráite trí \_\_\_\_\_ ag cruinniú den Politburo.
- 2) Iad ag éileamh \_\_\_\_\_ an teorainn.
- 3) Labhair mé le daoine a bhfuil \_\_\_\_\_ acu ar an geathair.
- 4) Bhí an chloch chomh crua sin \_\_\_\_\_ mórán a bhaint as.
- 5) Táimid ag seasamh anseo ag ball \_\_\_\_\_.